C/2025/4117

24.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4117)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Empordà’

PDO-ES-A1548-AM03 — 28.4.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Empordà’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agrai-Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. SCRIOSADH AN RÉAMHRÁ

Tuairisc

Tosaíonn an fhoclaíocht atá sa tsonraíocht táirge faoi láthair (i.e. roimh leasú) le réamhrá atá roinnte ina dhá roinn dar teidil ‘Ábhar’ agus ‘Sainmhínithe’, a scriosadh.

Baineann an leasú sin leis an réamhrá a scriosadh agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis

An réamhrá sin, ní ceann de na heilimintí is gá le haghaidh sonraíocht táirge é. Ina theannta sin, tá an méid atá ann sa reachtaíocht cheana féin.

2. CEARTÚCHÁN

Tuairisc

Léirítear leis an bhfoclaíocht atá sa tsonraíocht táirge faoi láthair gurb é 'Empordà' agus 'EMPORDÀ' an t-ainm faoi chosaint. Scriosadh an tagairt don ainm i gceannlitreacha.

Baineann an leasú le pointe 1 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Ós rud é gurb é sin an t-ainm céanna agus go gcumhdaíonn cosaint aon ATFC atá bunaithe go dlíthiúil aon bhealach chun an t-ainm atá i gceist a scríobh, ní gá é a chur i láthair ar bhealaí éagsúla, i.e. ní gá é a chur i láthair i gceannlitreacha, rud a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar dhuine.

3. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR NA CINEÁLACHA ÉAGSÚLA FÍONTA GEALA.

Tuairisc

1. Athraíodh an tuairisc ar an gcineál 'vino blanco' ('fíon geal'):

   — cuireadh an méid seo a leanas isteach maidir leis an gcuma:

     'Nuair a dhéantar as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha dearga iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna bándearga agus/nó scothliath uaireanta.

     Nuair a dhéantar gan suilfítí (≤ 10 mg/l iomlán SO_2) iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna órga uaireanta.'

   — bogadh an aidiacht 'torthaíoch' ón tuairisc ar an mblas go dtí an tuairisc ar na dea-bholaithe, lenar cuireadh an tréith 'bláthach' freisin.

2. Athraíodh ainm an chineáil 'vino blanco criado en barrica' ('fíon geal, aosaithe i mbairillí') go 'vino blanco fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera' ('fíon geal, coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid') agus scriosadh an cineál 'vino blanco fermentado en barrica sobre lías' ('fíon geal, coipthe i mbairillí ar mhoirt') ós rud é go gcumhdaítear é leis an tagairt dheireanach sin, agus rinneadh an tuairisc air a oiriúnú mar a leanas:

   — cuireadh an méid seo a leanas isteach: 'I gcás fíonta a aosaítear go páirteach i gcoimeádáin adhmaid, ní mór 25 % ar a laghad den aosú a dhéanamh i gcoimeádáin adhmaid.'

   — maidir leis an gcuma, scriosadh 'gan dath órga a bheith tagtha orthu', agus cuireadh an méid seo a leanas isteach: 'Nuair a dhéantar as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha dubha iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna rósacha agus/nó scothliath uaireanta.

   Nuair a dhéantar gan suilfítí (≤ 10 mg/L iomlán SO_2) iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna órga uaireanta.'

   — maidir leis na dea-bholaithe, cuireadh an tréith 'bláthach' isteach agus scriosadh an focal 'tánaisteach'.

   — maidir leis an mblas, scriosadh an focal 'blaistithe'.

3. Scriosadh an neart alcóil iarbhír uasta. Scriosadh an tagairt shonrach d'fhíonta 'crianza'.

4. Cuireadh an cineál 'vino blanco brisado' ('fíon oráiste') isteach agus tugadh tuairisc air.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

1. Tá sé beartaithe leis an téacs a cuireadh isteach a bhaineann leis an gcuma atá ar fhíonta geala saintréithe sonracha na bhfíonta geala a tháirgtear as cineálacha dearga agus as Garnacha Roja a chur san áireamh ós rud é, mar gheall ar a gcion níos airde polaifeanóil agus antóiciaininí, gur féidir dath níos déine a bheith ar na fíonta a thagann astu.

   Ar an taobh eile, ní treocht nua é an modh chun fíonta a tháirgeadh mar a rinneadh go traidisiúnta san am a chuaigh thart, sular tugadh isteach táirgí fíonóireachta amhail dé-ocsaíd sulfair nó sular tosaíodh ag cur giostaí triomaithe roghnaithe isteach, ach is modh é nár cailleadh riamh ná nár éiríodh as. D'fhéadfadh fíonta a bhfuil dathanna níos déine orthu a bheith mar thoradh ar an gcineál táirgthe traidisiúnta sin.

   Bhí an tuairisc 'torthaíoch' i gceist agus tagairt á déanamh do bhlaiseadh, ach measaimid go bhfuil sé níos iomchuí í a chur sa tagairt do dhea-bholaithe toisc gur fine dea-bholaithe seachas saintréith bhlais í. Cuireadh an tréith 'bláthach' isteach toisc gur fine dea-bholaithe an-choitianta í a bhfuil meas uirthi sa chineál fíona sin.

   Scriosadh an chatagóir 'vino blanco fermentado en barrica sobre lías' toisc go gcumhdaítear an cineál fíona sin leis an gcatagóir nua: 'Vino blanco fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera'.

   Is sainmhíniú feabhsaithe is cúis leis an athrú ar an tuairisc ar an gcineál sin, lena gcumhdaítear anois na fíonta geala uile a bhí i gcoimeádáin adhmaid ar feadh cuid dá dtáirgeadh, ní hamháin na fíonta a coipeadh i gcoimeádáin adhmaid. Ba cheart a thabhairt ar aird gur in go leor cásanna, ní dhéantar ach cuid den choipeadh, ní an coipeadh uile, i gcoimeádáin adhmaid.

   Rinneadh na ceanglais maidir leis an gcuma a shimpliú, agus scriosadh 'gan ton órga a bheith tagtha orthu', ós rud é go bhféadfadh toin órga teacht ar fhíonta den chineál sin, mar gheall ar fhorbairt carachtair ocsaídiúcháin i gcoimeádáin adhmaid, agus ós rud é nach locht iad na toin órga sin in aon chor, ar choinníoll go bhfuil an dea-bholadh orgánaileipteach agus na cáilíochtaí blais eile ann.

   Is ionann an téacs a cuireadh isteach maidir le dath agus an téacs a tugadh isteach faoin gcineál 'Vino blancos' ('Fíonta geala'), agus cuireadh isteach é ar na cúiseanna a thugtar thuas.

   Cuireadh an tréith 'bláthach' isteach ar na cúiseanna céanna a thugtar thuas. Ceartaíodh an earráid mar atá na dea-bholaithe a fhaightear de thoradh an fíon a bheith aosaithe i gcoimeádáin adhmaid a ainmniú mar dhea-bholaithe tánaisteacha tríd an bhfocal 'tánaisteach' a scriosadh. Scriosadh an focal 'blaisithe' chun earráid a d'eascair as mí-aistriú ó Chatalóinis go Spáinnis a cheartú.

2. Léirítear leis an anailís a rinne Roinn Theicniúil ár mBoird Rialála le 10 mbliana anuas go bhfuil méadú ag teacht ar an tiúchan siúcra i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, mar gheall ar an athrú aeráide is dócha. Tá roinnt cúiseanna leis sin: méadú ar an teocht, níos mó laethanta ina bhfuil teochtaí arda, tréimhsí ina bhfuil strus maidir le huisce, etc. I ndáil leis sin, tugann fíonlanna tús áite do cháilíocht an táirge, agus coinníonn siad cothromaíocht idir aibíocht fheanólach agus neart alcóil dóchúil ar bun tráth na buainte, cleachtas a chiallaíonn de réir a chéile gur dócha go mbeidh céimeanna níos airde de neart alcóil i gceist. Dá bhrí sin, cinneadh gan uasteorainn a leagan síos, ós rud é nach bhfuil aon nasc díreach idir céimeanna de neart alcóil agus cáilíocht.

   Scriosadh an méadú ar neart le haghaidh fíonta 'crianza' (1 % de réir toirte níos mó ná an t-íosmhéid a leagadh síos le haghaidh na bhfíonta eile) ós rud é nach raibh aon chúis theicniúil ann chun údar a thabhairt lena choinneáil.

3. Tá fíonta oráiste á dtáirgeadh sa réigiún ó bhí an chianaois ann, ach bhí deireadh curtha lena dtáirgeadh. Cuireadh tús lena dtáirgeadh arís le linn na 10 mbliana dheireanacha, agus ba é an toradh air fíonta a bhfuil dath agus struchtúr sainiúil orthu, ar fíonta iad a bhfuil an-mheas orthu mar gheall ar a luach gastranómach. Tá na fíonta sin nasctha leis an gcríoch, agus tá carachtar cineáil láidir ag na fíonta aonchineálacha.

4. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR NA CINEÁLACHA ÉAGSÚLA FÍONTA *ROSÉ*

Tuairisc

1. Athraíodh an tuairisc ar an gcineál ‘Fíon *rosé*’ i ngach gné, agus cuireadh an méid seo a leanas sa chéim amhairc: ‘Nuair a tháirgtear iad gan suilfítí (≤ 10 mg/l SO_2 iomlán), d’fhéadfadh fordhathanna oráiste níos déine teacht orthu.’

2. Scriosadh an cineál ‘Vino rosado fermentado en barrica’ (‘Fíon *rosé*, coipthe i mbairille’) agus athraíodh an t-ainm ‘Vino rosado criado en barrica’ (‘Fíon *rosé*, aosaithe i mbairillí’) go ‘Vino rosado fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera’ (‘Fíon *rosé*, coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid’), agus rinneadh an tuairisc air a oiriúnú.

3. Laghdaíodh an neart alcóil iarbhír íosta ó 11,5 % go 11 % de réir toirte agus scriosadh an uasteorainn. Scriosadh an tagairt shonrach d’fhíonta ‘crianza’.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

1. Maidir leis an gcuma, cuireadh an focal ‘éadrom’ in ionad an fhocail ‘mín’ toisc go bhfuil an focal deireanach sin níos oiriúnaí mar aidiacht chun tuairisc a thabhairt ar an dath. Measadh freisin gur cheart toin chorcairghorma a cheadú toisc go bhfuil siad ar go leor fíonta *rosé* úra mar gheall ar antóiciaininí ó na cineálacha a úsáidtear a bheith iontu agus toisc gur gnáth-thoin iad a bhíonn ar fhíonta úra freisin. Thairis sin, cinneadh gur cheart an dath ‘craiceann oinniúin’ a chur isteach, ionas nach gcuirfí fíonta *rosé* a dhéantar le Garnacha Roja as an áireamh.

   Ar an taobh eile, ní treocht nua é an modh chun fíonta a tháirgeadh mar a rinneadh go traidisiúnta san am a chuaigh thart, sular tugadh isteach táirgí fíonóireachta amhail dé-ocsaíd sulfair nó sular tosaíodh ag cur giostaí triomaithe roghnaithe isteach, ach is modh é nár cailleadh riamh ná nár éiríodh as. D’fhéadfadh fíonta a bhfuil dath oráiste nó fordhathanna oráiste orthu a bheith mar thoradh ar an gcineál táirgthe traidisiúnta sin.

   Maidir leis na dea-bholaithe, scriosadh an focal ‘príomha’ toisc go bhfuil sé iomarcach, ós rud é gur sonraíodh na finte dea-bholaithe ‘bláthach’ agus ‘torthaíoch’. Chun mí-aistriú ó Chatalóinis go Spáinnis a cheartú, cuireadh ‘glan’ in ionad ‘fíorghlan’.

   Maidir le blaiseadh, scriosadh an tréith ‘torthaíoch’ toisc gur tréith í atá níos oiriúnaí maidir le dea-bholaithe, ós rud é gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais.

2. Scriosadh an chatagóir ‘Vino rosado fermentado en barrica’ toisc go gcumhdaítear an cineál fíona sin leis an gcatagóir nua ‘Vino rosado fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera’. Is sainmhíniú feabhsaithe is cúis leis an athrú ar an tuairisc ar an gcineál nua sin, lena gcumhdaítear anois na fíonta *rosé* uile a bhí i gcoimeádáin adhmaid ar feadh cuid dá dtáirgeadh agus dá gcoipeadh. Ba cheart a thabhairt ar aird, in go leor cásanna, nach ndéantar ach cuid den choipeadh, ní an coipeadh uile, nó an t-aosú nó cuid den aosú amháin i gcoimeádáin adhmaid. Sonraíodh, dá bhrí sin, ‘I gcás fíonta a aosaítear go páirteach i gcoimeádáin adhmaid, ní mór 25 % ar a laghad den aosú a bheith déanta i gcoimeádáin adhmaid’.

   Maidir leis an gcuma, scriosadh an téarma ‘dath éadroim an tsilín’ toisc go bhfuil an scála datha idir dath éadrom (bándearg éadrom) agus dath níos déine (caordhearg) agus tugadh tuairisc mhícheart air. Cuireadh an téacs ‘ton níos oráiste ag teacht air, gan na toin dhearga a chailleadh’ isteach toisc go ndearnadh fíonta sa chatagóir sin a choipeadh agus/nó a aosú go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid, agus d’fhéadfadh an t-aosú sin dath níos forbartha a thabhairt do na fíonta ná fíonta nach ndéantar a aosú.

   Maidir le dea-bholaithe, cuireadh an tréith ‘bláthach’ isteach toisc gur fine dea-bholaithe choiteann í a bhfuil meas uirthi sa chineál sin fíonta. Cinneadh an oibleagáid maidir le dea-bholaithe a chuireann torthaí dearga i gcuimhne a scriosadh agus dea-bholaithe a fhaightear de thoradh an aosaithe i gcoimeádáin adhmaid a chur isteach, ós rud é nach mór dea-bholaithe sainiúla den sórt sin (dea-bholaithe adhmaid) a bheith ar an gcineál fíona sin agus nach mbíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga air i gcónaí.

Maidir le blaiseadh, scriosadh an tréith 'torthaíoch' toisc gur tréith í atá níos oiriúnaí i ndáil le dea-bholaithe, ós rud é gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais. Scriosadh an tréith 'úr' toisc gur cáilíocht í atá níos saintréithí d'fhíonta úra agus níl aon chúis ann go mbeadh sí fíor-riachtanach i bhfíonta *rosé*, coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid. Scriosadh an tréith 'méith', ós rud é go bhfuil sé deacair nó dodhéanta í a chainníochtú. Measadh gurbh iomchuí freisin a cheangal go mbeadh iarbhlas fada ar an gcineál fíona sin, ós rud é gur tréith é sin a fuarthas ó bheith i dteagmháil le hadhmad.

3. Fágadh uasteorainn le haghaidh neart alcóil iarbhír ar lár, ar na cúiseanna céanna leis na cúiseanna a luadh cheana le haghaidh fíonta geala. Ar an gcaoi chéanna, níl aon bhac teicniúil ná cáilíochta ar an íosmhéid a laghdú ó 11,5 % go 11 % de réir toirte.

   Scriosadh an méadú ar an neart le haghaidh fíonta crianza (1 % de réir toirte i gcomparáid leis an íosmhéid atá leagtha síos) ós rud é nach raibh aon chúis theicniúil ann chun údar a thabhairt lena choinneáil.

5. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR NA CINEÁLACHA ÉAGSÚLA FÍONTA DEARGA

Tuairisc

1. Athraíodh gach gné den tuairisc ar an gcineál 'Fíonta dearga'.

2. Scriosadh an cineál 'Vino tinto fermentado en barrica' ('Fíon dearg, coipthe i mbairillí') agus athraíodh an t-ainm 'Vino tinto criado en barrica' ('Fíon dearg, aosaithe i mbairillí') go 'Vino tinto fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera' ('Fíon dearg, coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid'), agus rinneadh a thuairisc a oiriúnú.

3. Cuireadh 'Tá neart alcóil iarbhír íosta 12 % de réir toirte ag fíonta dearga' in ionad 'Tá neart alcóil iarbhír íosta 11,5 % de réir toirte ag fíonta dearga.'. Agus scriosadh sainiúlacht le haghaidh fíonta 'crianza'.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

1. Maidir leis an gcuma, cuireadh 'dearg agus/nó vialaitdearg' in ionad an téarma 'vialaitdearg' chun go bhféadfadh an dá dhath a bheith i gceist, go hinmhalartaithe agus le chéile araon, toisc go dtugann sé sin léiriú níos fearr ar an raon toin a d'fhéadfadh a bheith i gceist le fíon dearg ar saintréith de chuid an ATFC Empordà é.

   Maidir leis na dea-bholaithe, scriosadh an tréith 'deas' ós rud é go bhfuil sé deacair nó dodhéanta í a chainníochtú.

   Luadh an tréith 'torthaíoch' mar bhlas, ach measaimid go bhfuil sé níos iomchuí an tréith sin a chur san áireamh mar dhea-bholadh toisc gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais. Scriosadh an tréith 'tainneach' toisc nach meastar go bhfuil sí fíor-riachtanach don chineál sin fíona. Go deimhin, ag brath ar an neart, d'fhéadfaí a mheas gur fabht í. Scriosadh 'fada' freisin toisc nach raibh gá leis.

2. Scriosadh an chatagóir 'Vino tinto fermentado en barrica' ('Fíon dearg, coipthe i mbairillí') toisc go gcumhdaítear an cineál fíona sin leis an gcatagóir nua 'Vino tinto fermentado y/o envejecido, total o parcialmente en recipientes de madera' ('Fíon dearg, coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid'). Is sainmhíniú feabhsaithe is cúis leis an athrú ar an tuairisc ar an gcineál, lena gcumhdaítear anois fíonta dearga a bhí i gcoimeádáin adhmaid ar feadh cuid dá dtáirgeadh agus ní hamháin le linn an choipthe. Ba cheart a thabhairt ar aird, in go leor cásanna, nach ndéantar ach cuid den choipeadh, ní an coipeadh uile, nó an t-aosú nó cuid den aosú amháin i gcoimeádáin adhmaid. Sonraíodh, dá bhrí sin, 'I gcás fíonta a aosaítear go páirteach i gcoimeádáin adhmaid, ní mór 25 % ar a laghad den aosú a bheith déanta i gcoimeádáin adhmaid'.

Sa tuairisc ar chuma an chineáil nua, cuireadh ‘dearg agus/nó vialaitdearg’ in ionad an téarma ‘vialaitdearg’ ar na cúiseanna a thugtar thuas. Ina theannta sin, measadh gur ghá na toin bhreise *terracotta* a d’fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh, i bhfianaise forbairt nádúrtha antóiciaininí agus tainniní sa chineál sin fíona. Maidir leis na dea-bholaithe, athraíodh ‘dea-bholaithe balsamacha spíosracha ar saintréith den aosú iad’ go ‘dea-bholaithe de thoradh an aosaithe i gcoimeádáin adhmaid’) toisc go mbíonn na dea-bholaithe a thagann chun cinn mar thoradh ar an am a chaitear i gcoimeádáin adhmaid éagsúil agus ag brath ar an adhmad a úsáidtear, ar mhéid an bhairille, ar an tósta, ar an tráth a ndéantar aosú, etc. Maidir le blaiseadh, scriosadh an focal ‘glan’ toisc má thuigtear go dtugann an focal Spáinnise ‘franco’ (‘fíorghlan’) tuairisc ar fhíon íon atá saor ó fhabhtanna, ansin bheadh ‘glan’ iomarcach. Scriosadh an frása ‘dea-bholaithe a chuireann torthaí aibí i gcuimhne’ toisc go bhfuil sé mícheart labhairt faoi fhine dhea-bholaidh agus tagairt á dhéanamh do bhlaiseadh. Scriosadh an focal ‘mín’ toisc nach meastar gur tuairisceoir é atá éasca a chainníochtú agus nach meastar é a bheith iomchuí i gcás fíonta a choiptear agus/nó a aosaítear go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid. Go deimhin, tá na fíonta den chineál sin níos struchtúrtha mar gheall ar eastóscadh tainniní ón adhmad, agus mar gheall ar thiúchan tainnine agus dath deiridh na bhfíonta, a éiríonn as na tréimhsí maothaithe idir measartha agus fada a úsáidtear chun fíonta cothroma a bhaint amach ag deireadh an phróisis aosaithe.

Roghnaíomar an téarma ‘lena mbaineann iarbhlas fada’ a ionchorprú toisc go mbíonn iarbhlas níos faide ar fhíonta den chineál sin ná mar a bhíonn ar fhíonta úra. Is mar thoradh ar eastóscadh tainniní ón adhmad agus ar thiúchan tainnine agus ar dhath deiridh na bhfíonta, a éiríonn as na tréimhsí maothaithe idir measartha agus fada a úsáidtear chun fíonta cothroma a bhaint amach ag deireadh an phróisis aosaithe, an t-iarbhlas fada.

3. Cuireadh an focal ‘vol’ in ionad an fhocail ‘quiere’, chun an botún cló sa leagan Spáinnise bunaidh a cheartú. Níl aon bhac teicniúil ná cáilíochta ar an neart íosta a ardú ó 11,5 % go 12 % de réir toirte.

Scriosadh an méadú ar neart le haghaidh fíonta ‘crianza’ (1 % de réir toirte níos mó ná an t-íosmhéid a leagadh síos le haghaidh na bhfíonta eile) ós rud é nach raibh aon chúis theicniúil ann chun údar a thabhairt lena choinneáil.

6. TUGADH FÍONTA RANCIO ISTEACH I gCATAGÓIR 1

Tuairisc

Tugadh isteach cineál nua laistigh de chatagóir 1 le haghaidh fíonta ‘rancio’, i bhfianaise a modha aosaithe. Tugtar tuairisc ar a saintréithe orgánaileipteacha agus leagadh síos neart alcóil iarbhír íosta.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis. Níor tugadh aon chatagóir nua isteach, níor tugadh isteach ach cineál nua laistigh de chatagóir 1, atá sa tsonraíocht táirge cheana féin.

Cúis:

Moladh an cineál nua fíona ‘rancio’ a chur san áireamh. Is amhlaidh atá toisc go raibh ‘rancio’ ina théarma go dtí seo nach bhféadfaí a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta agus fíonta licéir ar tháinig an blas ar a dtugtar ‘rancio’ chun cinn orthu mar gheall ar dhálaí ar leith a n-aosaithe.

7. ATHRUITHE AR AN TUAIRISC AR NA FÍONTA LEATHSHÚILÍNEACHA

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Méadaíodh an íosteorainn le haghaidh neart alcóil iarbhír ó 9,5 % go 10,5 % de réir toirte. I gcás ina léitear sa tsonraíocht ‘fíon a fhaightear ó chineálacha fíniúna’, cuireadh ‘fíon a fhaightear ó chineálacha fíniúna’ ina ionad sin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.2 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, scriosadh an tréith ‘éadrom’ toisc nach meastar an tréith sin a bheith iomchuí le haghaidh na cuma. Cuireadh an tréith ‘gléigeal’ isteach chun idirdhealú a dhéanamh idir na fíonta sin agus fíonta atá modartha, agus cuireadh ‘bándearg’ in ionad ‘bándearg éadrom nó bándearg ábhairín dian’ agus cuireadh ‘dearg nó vialaitdearg’ in ionad ‘vialaitdearg’ toisc gur toin iad a thugann tuairisc níos fearr ar fhíonta leathshúilíneacha Empordà. Cuireadh an méid seo a leanas isteach: ‘D’fhéadfadh dath buí níos déine a bheith ar fhíonta geala leathshúilíneacha a tháirgtear as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha dearga, lena mbaineann fordhathanna rósacha agus/nó scothliath uaireanta’, chun sainiúlachtaí na bhfíonta geala leathshúilíneacha a dhéantar as cineálacha dearga a chur san áireamh, agus as Garnacha Roja, toisc go bhféadfadh dath níos déine a bheith orthu mar gheall ar an gcion níos airde polaifeanóil agus antóiciaininí.

Maidir leis na dea-bholaithe, cuireadh an tréith ‘bláthach’ isteach toisc gur fine dea-bholaithe choiteann í a bhfuil meas uirthi sa chineál sin fíonta. Cuireadh na tréithe ‘fíorghlan’ agus ‘glan’ isteach toisc go meastar go bhfuil sé fíor-riachtanach go mbíonn fíonta den chineál sin saor ó fhabhtanna. Scriosadh an frása ‘ar a mbíonn dea-bholaithe a bhaineann go sonrach le gach cineál a úsáidtear chun an fíon sin a tháirgeadh’ ós rud é go bhfuil sé deacair nó dodhéanta dea-bholaithe a bhaineann go sonrach leis na cineálacha uile a cheangal ar bhealach beacht.

Luadh an tréith ‘torthaíoch’ maidir le blas, ach measaimid go bhfuil sé níos iomchuí an tréith sin a chur san áireamh maidir le dea-bholadh toisc gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais.

Níl aon bhac teicniúil ná cáilíochta ar an neart íosta a ardú ó 9,5 % go 10,5 % de réir toirte.

Cuireadh an focal ‘fíonchaor’ in ionad an fhocail ‘fíniúin’ ós rud é go bhfuil sé sin níos cruinne.

8. LEASUITHE AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA SÚILÍNEACHA AR ARDCHAIGHDEÁN

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Méadaíodh an uasteorainn le haghaidh neart alcóil iarbhír ó 12,5 % go 13,5 % de réir toirte. Cuireadh feabhas freisin ar fhoclaíocht an mhodha táirgthe.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.3 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith ‘gléigeal’ isteach chun idirdhealú a dhéanamh idir na fíonta sin agus fíonta modartha. Leathnaíodh an raon dathanna go ‘dianbhuí’ a cuireadh isteach chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán aosaithe a chumhdach, fíonta a bhféadfadh, mar gheall ar a n-aois, toin níos buí teacht orthu in ionad na toin scothghlasa. Cuireadh an méid seo a leanas isteach: ‘D’fhéadfadh dath buí níos déine a bheith ar fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgtear as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha fíniúna deirge, lena mbaineann fordhathanna rósacha agus/nó scothliath uaireanta’), chun sainiúlachtaí na bhfíonta leathshúilíneacha a dhéantar as cineálacha dearga agus as Garnacha Roja a chur san áireamh, toisc go bhféadfadh dath níos déine a bheith orthu mar gheall ar an gcion níos airde polaifeanóil agus antóiciaininí.

Maidir leis na dea-bholaithe, cuireadh an focal ‘envejecer’ [focal níos ginearálta ar ‘aosú’] in ionad an fhocail ‘crianza’ toisc go bhfuil an téarma ‘envejecer’ níos ionadaíche ar na cineálacha éagsúla fíona dá ndéantar tagairt agus nach mbaineann an téarma ‘crianza’ ach le roinnt fíonta aosaithe dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge féin, agus go bhfuil sé faoi réir reachtaíocht an Aontais.

Maidir le blaiseadh, cuireadh ‘cothrom’ in ionad an nath ‘dea-chothromaíocht idir aigéadacht agus siúcraí’ toisc go bhféadfadh an chothromaíocht a bheith ag brath ar thosca seachas an caidreamh idir siúcra agus aigéadacht amháin. Cuireadh na tréithe ‘fíorghlan’ agus ‘glan’ isteach toisc go meastar go bhfuil easpa fabhtanna fíor-riachtanach.

Léirítear leis an anailís a rinne Roinn Theicniúil ár mBord Rialála le 10 mbliana anuas go bhfuil méadú ag teacht ar an tiúchan siúcra, mar gheall ar an athrú aeráide is dócha. Tá roinnt cúiseanna leis sin: méadú ar an teocht, níos mó laethanta ina bhfuil teochtaí arda, tréimhsí ina bhfuil strus maidir le huisce, etc. I ndáil leis sin, tugann fíonlanna tús áite do cháilíocht an táirge, agus coinníonn siad cothromaíocht idir aibíocht fheanólach agus neart alcóil dóchúil ar bun tráth na buainte, cleachtas a chiallaíonn de réir a chéile gur dócha go mbeidh céimeanna níos airde de neart alcóil i gceist.

Is éard a bhí i gceist leis an bhfoclaíocht fheabhsaithe an fhaisnéis maidir leis an neart iarbhír, na cineálacha nó an limistéar táirgeachta, buidéalú agus aosú, lipéadú nó dúnadh a scriosadh, toisc go bhfuil an fhaisnéis sin leagtha amach cheana féin i gcodanna eile den tsonraíocht táirge, mar sin bheadh sé iomarcach ansin.

9. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA LICÉIR GEALA MISTELA EMPORDÀ

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Feabhsaíodh an fhoclaíocht maidir leis an modh táirgthe freisin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith ‘gléigeal’ isteach chun idirdhealú a dhéanamh idir na fíonta sin agus fíonta modartha, agus cuireadh ‘chuig dath an ómra’ in ionad ‘chuig imir órga éadrom’ chun gur féidir fíonta a ndearnadh níos mó aosaithe orthu agus a choinnigh leibhéal ard cáilíochta ar bun a chur san áireamh.

Maidir leis na dea-bholaithe, cuireadh ‘glan’ in ionad ‘fíorghlan’ chun mí-aistriú ón gCatalóinis a cheartú. Chun tuairisc níos fearr a thabhairt, cuireadh ‘agus/nó cnónna’ isteach. Roghnaíomar ‘a bhaineann go sonrach leis an gcineál’ a scriosadh toisc gur féidir *mistela* a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as na cineálacha údaraithe éagsúla agus níor cheart an táirge a shainmhíniú mar tháirge aonchineálach.

Luadh an tréith ‘torthaíoch’ maidir le blaiseadh, ach measaimid go bhfuil sé níos iomchuí an tréith sin a chur isteach maidir le dea-bholadh amháin ós rud é gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais. Rinneadh an cinneadh an téarma ‘iarbhlas maith’ a scriosadh toisc gur téarma róshuibiachtúil é agus toisc nach tréith í atá intomhaiste agus/nó inchainníochtaithe ag an bpainéal blaiste. Cuireadh na téarmaí ‘fíorghlan’ agus ‘glan’ isteach chun cur síos níos fearr a dhéanamh.

Scriosadh an frása ‘déantar scagadh ar an bhfíon’ toisc, sa chleachtas, nach n-úsáideann táirgeoirí an cleachtas fíoneolaíoch sin i gcónaí, ós rud é nach ndéanann sé difear don cháilíocht ná don chineál. Scriosadh an frása ‘Corraigh uair sa lá ar feadh seachtaine’ toisc go bhfuil modhanna homaiginithe eile ann anois.

10. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA LICÉIR DEARGA MISTELA EMPORDÀ

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Feabhsaíodh an fhoclaíocht maidir leis an modh táirgthe freisin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith ‘gléigeal’ isteach chun idirdhealú a dhéanamh idir na fíonta sin agus fíonta modartha. Cuireadh ‘toin dhearga agus/nó dhearga-corcairghorma’ in ionad an fhrása ‘toin dhearga agus corcairghorma’ chun an dath a shoiléiriú a thuilleadh.

Maidir le dea-bholaithe, cuireadh ‘glan’ in ionad ‘fíorghlan’ mar gheall ar mhí-aistriú ón gCatalóinis go dtí an Spáinnis, agus cuireadh ‘torthaíoch’ in ionad ‘a chuireann torthaí dearga i gcuimhne’ toisc nár cheart díriú ar thorthaí dearga amháin ná ar aon chineál eile torthaí maidir leis na dea-bholaithe sa chatagóir fíonta sin.

Luadh an tréith ‘torthaíoch’ maidir le blas, ach measaimid go bhfuil sé níos iomchuí an tréith sin a chur san áireamh maidir le dea-bholadh toisc gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais. Scriosadh an focal ‘mín’ toisc gur téarma róshuibiachtúil é agus nach tréith í atá intomhaiste agus/nó inchainníochtaithe ag an bpainéal blaiste. Cuireadh na tréithe ‘fíorghlan’ agus ‘glan’ isteach toisc go meastar go bhfuil easpa fabhtanna fíor-riachtanach.

Scriosadh an gá sonrach atá leis na fíonchaora a bhrú sula ndéantar maothú, mar aon leis an ngá atá leis na gais a bhaint roimh ré, ós rud é nach cleachtais fhíoneolaíocha iad sin a shocraíonn an cineál fíona agus nach gá iad a shonrú. Scriosadh an gá atá leis an úrfhíon a aerú chun na giostaí a bhaint, ós rud é gur léiríodh go forleathan gur leor alcól os cionn 15 % de réir toirte a chur leis agus a chumasc chun na giostaí a dhíghníomhachtú. Scriosadh an tagairt d’úsáid an ‘cantaoir’ chun solaid a dheighilt toisc go n-úsáidtear teicnící eile chun na críche sin sa chineál táirgthe sin, amhail *saignée* (rith chun srutha), a mbíonn torthaí comhchosúla nó fiú torthaí ar cháilíocht níos fearr orthu.

11. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA LICÉIR EMPORDÀ GARNACHA

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Feabhsaíodh an fhoclaíocht maidir leis an modh táirgthe freisin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith ‘gléigeal’ isteach chun fíonta modartha a idirdhealú. Rinneadh an rogha na focail ‘dath an ómra’ agus ‘dath an rúibín’ a scriosadh ón tuairisc amhairc toisc go rialaítear iad mar théarmaí atá ag brath ar an gcineál a úsáidtear agus d’fhéadfadh earráidí nó mearbhall a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, is fearr tuairisc a thabhairt ar an gcineál fíona sin de réir an raon ton dathanna atá orthu.

Maidir le dea-bholaithe, cuireadh ‘agus/nó rísínithe agus dea-bholaithe de thoradh an aosaithe’ isteach toisc go meastar gurb iad na dea-bholaithe sin is mó a bhaineann leis an gcatagóir fíonta sin, ina dtagann na fíonchaora ó bhuaint an-déanach agus ina bhfuil aosú ocsaídiúcháin sainordaitheach.

Luadh an tréith ‘ar a mbíonn blas torthaí aibí nó rísínithe’ maidir le blaiseadh, ach measaimid gur tréith í atá níos oiriúnaí a chur isteach i gcás dea-bholaithe amháin toisc gur fine dea-bholaithe í seachas saintréith bhlais. Cuireadh na tréithe ‘fíorghlan’ agus ‘glan’ isteach toisc go meastar go bhfuil easpa fabhtanna fíor-riachtanach. Cuireadh an focal ‘casta’ isteach freisin chun an tuairisc air a fheabhsú.

Cuireadh ‘aibí’ in ionad na haidiachta ‘ró-aibí’, ós rud é nach gá an fhíonchaor a ró-aibiú chun na saintréithe lena sainítear an táirge sin a fháil.

Tugtar mionsonraí sa tuairisc maidir leis na cineálacha Garnacha (Blanca, Roja, Negra nó Peluda) chun a shoiléiriú gur féidir aon cheann acu a úsáid.

Scriosadh an méid seo a leanas: ‘tar éis na gais a bhaint agus tar éis an bhrú, déantar an laíon a choipeadh’) agus freisin ‘tarlaíonn rith chun srutha, brú, scagadh agus treisiú’) toisc, go teicniúil, gur féidir na cleachtais fhíoneolaíocha a thuairiscítear agus a scriostar le haghaidh an chineáil sin fíona a dhéanamh ag céimeanna éagsúla táirgthe agus na torthaí is fearr is féidir a bheith orthu.

Maidir leis an modh chun an úrfhíon a thiúchan, cuireadh ‘teas a chur leis go díreach’ in ionad ‘bruith’, ós rud é gurb é sin an nath níos cruinne.

Baineadh an eisceacht ar an gceanglas dhá bhliain d’aosú nó d’aibiú a dhéanamh i gcás ina dtagann 90 % ar a laghad de ó Garnacha Tinta nó Peluda, toisc gur léir ón taithí a fuarthas nach bhfuil aon chúis leis an difríocht sin agus le go mbeidh na saintréithe céadfacha, ar gnáth-shaintréithe den chatagóir sin iad, sa bhfíon, tá aosú fíor-riachtanach le haghaidh gach cineáil Garnacha go cothrom.

12. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA LICÉIR EMPORDÀ MOSCATEL

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Feabhsaíodh an fhoclaíocht maidir leis an modh táirgthe freisin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith 'gléigeal' isteach chun fíonta modartha a idirdhealú. Cuireadh 'ómra' in ionad an téarma 'dianbhuí' toisc gur measadh mura n-áirítear toin chomh domhain le hómra go n-eisiatar fíonta a bhíonn faoi réir aosú níos faide ón gcatagóir sin, ach d'fhéadfadh na fíonta sin na cáilíochtaí orgánaileipteacha a choinneáil ar bun agus fiú castacht níos mó a chur ar fáil.

Maidir le dea-bholaithe, ceartaíodh 'fíorghlan' chuig 'glan' toisc gur mí-aistriú ón gCatalóinis a bhí sa chéad cheann, agus scriosadh an tréith 'fada' toisc nach meastar go mbaineann an tréith sin go sonrach leis na dea-bholaithe ach le blaiseadh, ar aistríodh chuig an roinn sin é.

Maidir le blaiseadh, cuireadh na tréithe 'fíorghlan' agus 'glan' isteach toisc gur measadh go raibh sé fíor-riachtanach go mbeadh fíonta den chineál sin saor ó fhabhtanna. Scriosadh an téarma 'mín' toisc gur téarma róshuibiachtúil é agus nach tréith í atá intomhaiste agus/nó inchainníochtaithe ag an bpainéal blaiste.

Soiléiríodh gur féidir an dá chineál, Moscatel de Alejandría agus Moscatel de Grano Menudo, a úsáid le chéile nó ar leithligh, gan aon idirdhealú eatarthu.

13. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍONTA LICÉIR DEARGA MILSE EMPORDÀ

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Ardaíodh an neart alcóil iarbhír uasta ó 20 % go 22 % de réir toirte.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis an gcuma, cuireadh an tréith 'gléigeal' isteach chun fíonta modartha a idirdhealú.

Maidir le dea-bholaithe, ceartaíodh 'fíorghlan' chuig 'glan' toisc gur mí-aistriú ón gCatalóinis a bhí sa chéad cheann, agus cuireadh 'agus/nó rísínithe' isteach toisc gur fine dea-bholaithe é a fhaightear sa chineál fíona sin. Scriosadh an frása 'te agus mín' toisc go meastar gur tréith den bhlas é an frása sin, seachas de na dea-bholaithe.

Maidir le blaiseadh, cuireadh na tréithe 'fíorghlan, glan') agus 'cothrom' isteach toisc gur measadh go raibh sé fíor-riachtanach d'fhíonta den chineál sin a bheith saor ó fhabhtanna. Scriosadh na focail 'torthaíoch' agus 'a chuireann torthaí aibí i gcuimhne' toisc nach saintréithe blaiste iad na saintréithe sin, ach gur saintréithe aramatacha iad. Scriosadh an tréith 'méith' ós rud é go bhfuil sé deacair nó dodhéanta í a thomhas nó a chainníochtú. Cuireadh 'marthanach' in ionad an téarma 'déine fhada blais' mar théarma níos oiriúnaí.

Cinneadh an neart alcóil iarbhír uasta a leagadh síos sa chatagóir fíona licéir sin a mhéadú ó 20 go 22 toisc gurb í an chatagóir is cineálaí í agus nach raibh sé beartaithe teorainn chomh mór sin a chur leis an gcatagóir sin maidir leis an ngné sin chun bheith níos cuimsithí.

14. TUGADH FÍONTA EMPORDÀ RANCIO ISTEACH I gCATAGÓIR 3

Tuairisc

Tugadh cineál nua isteach i gcatagóir 3: Fíonta 'Rancios del Empordà', i bhfianaise a modha aosaithe. Tugadh tuairisc ar a saintréithe orgánaileipteacha agus leagadh síos a neart alcóil nádúrtha íosta.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.4 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis. Níor tugadh aon chatagóir nua isteach, níor tugadh isteach ach cineál nua laistigh de chatagóir 1, atá sa tsonraíocht táirge cheana féin.

Cúis:

Moladh an cineál nua fíona 'Vino rancio del Empordà' ('fíon Empordà rancio') a chur san áireamh. Go dtí seo, tagairt a bhí in 'rancio' nach bhféadfaí a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta agus fíonta licéir ar tháinig an blas 'rancio' chun cinn orthu mar gheall ar dhálaí ar leith a n-aosaithe.

15. LEASÚ AR AN TUAIRISC AR FHÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ

Tuairisc

Feabhsaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta sin. Athraíodh na teorainneacha maidir le neart alcóil iarbhír freisin.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.5 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir leis na dea-bholaithe, cuireadh 'torthaí aibí agus/nó díhiodráitithe' in ionad 'torthaí aibí, triomaithe', ós rud é gur aidiacht níos oiriúnaí é sin agus chun fíonta nach bhfuil ach ceann amháin den dá shaintréith iontu a chur san áireamh.

Maidir leis an mblas, cuireadh na tréithe 'fíorghlan' agus 'glan' isteach toisc gur measadh go raibh sé fíor-riachtanach d'fhíonta den chineál sin a bheith saor ó fhabhtanna. Scriosadh an tréith 'struchtúrtha' ós rud é go bhfuil sé deacair nó dodhéanta é a thomhas nó a chainníochtú, agus cuireadh na tréithe 'olartha' agus 'casta' isteach chun tuairisc níos fearr a thabhairt orthu. Scriosadh an téarma 'a chuireann síoróip fíonchaor i gcuimhne' toisc nach mbaineann an tréith sin go sonrach le céim bhlaistithe, ach gur tréith aramatach é.

Athraíodh an neart alcóil iarbhír íosta 15 % de réir toirte go 12 % de réir toirte toisc gur teorannú neamhriachtanach a bhí ann agus nár léirigh sé fíorthháirgeadh na dtáirgí sin, ós rud é gur féidir deireadh a chur leis an gcoipeadh níos luaithe i bhformhór na bhfíonta a tháirgtear, ag brath ar dhálaí sa bhliain atá i gceist. Scriosadh an uasteorainn toisc nach raibh gá leis.

16. ATHRUITHE AR THEORAINNEACHA MAIDIR LE NEART ALCÓIL.

Tuairisc

Rinneadh leasuithe ar an dá thábla ina ndéantar achoimre ar na teorainneacha maidir le neart alcóil iarbhír agus maidir le neart alcóil iomlán na gcineálacha éagsúla fíona, lena n-áirítear na cineálacha nua a luadh cheana.

Leasaíodh pointí 2.6 agus 2.7 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair dá réir.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Maidir le neart alcóil iarbhír, tá na hathruithe a rinneadh agus an chúis a ndearnadh iad léirithe cheana féin i gcás gach cineáil.

Cuireadh an neart alcóil iomlán in oiriúint do na nirt iarbhír nua agus scriosadh an uasteorainn toisc nach raibh gá léi.

17. ATHRUITHE AR THEORAINNEACHA MAIDIR LE hAIGÉADACHT IOMLÁN

Tuairisc

I gcás fíonta de chatagóir 1, íslíodh an íosteorainn 4,5 g/l a shloinntear mar aigéad tartarach go 4 g/l.

Maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus fíonta leathshúilíneacha, socraíodh aigéadacht íosta ag 5,0 g/l a shloinntear mar aigéad tartarach.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.9 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Léirítear leis an anailís a rinne Roinn Theicniúil ár mBord Rialála le 10 mbliana anuas go bhfuil, mar gheall ar an athrú aeráide is dócha, méadú ag teacht ar an tiúchan siúcra in úrfhíonta i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, rud a théann chun dochair don aigéadacht iomlán. Tá roinnt cúiseanna leis sin: méadú ar an teocht, níos mó laethanta ina bhfuil teochtaí arda, tréimhsí ina bhfuil strus maidir le huisce, etc. I ndáil leis sin, tugann fíonlanna tús áite do cháilíocht an táirge, agus coinníonn siad cothromaíocht idir aibíocht fheanólach agus neart alcóil dóchúil ar bun tráth na buainte, cleachtas a chiallaíonn de réir a chéile gur dócha go mbeidh céimeanna níos airde de neart alcóil agus leibhéil aigéadachta iomlána níos déine i gceist.

Cuireadh aigéadacht isteach le haghaidh na gcatagóirí fíona shúilínigh agus fíona leathshúilínigh ar ardchaighdeán ós rud é nár cumhdaíodh iad.

18. ATHRUITHE AR THEORAINNEACHA MAIDIR LE hAIGÉADACHT LUAINEACH

Tuairisc

Ardaíodh an uasteorainn ó 0,6 g/l go 0,8 g/l arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach i bhfíonta atá níos úire ná bliain d'aois. I bhfíonta dearga aosaithe, is é 1,10 g/l an teorainn, a laghdaíodh ó 1,20 g/l, an teorainn a bhí ann roimhe sin. Thairis sin, tugadh isteach teorainn shonrach 2,10 g/l le haghaidh fíonta licéir, fíonta ó fhíonchaora ró-aibí agus fíon *rancio*.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.10 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Léirítear leis an anailís a rinne Roinn Theicniúil ár mBord Rialála le 10 mbliana anuas go bhfuil, mar gheall ar an athrú aeráide is dócha, méadú ag teacht ar an tiúchan siúcra in úrfhíonta i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Dá bharr sin, d'fhéadfadh aigéadacht luaineach a bheith níos airde freisin. Tá roinnt cúiseanna leis sin: méadú ar an teocht, níos mó laethanta ina bhfuil teochtaí arda, tréimhsí ina bhfuil strus maidir le huisce ar an bplanda, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le strus sna giostaí le linn an phróisis coipthe, a bhféadfadh aigéadacht luaineach mhéadaithe a bheith mar thoradh air.

Ina theannta sin, is féidir le tabhairt isteach fíonta *rancio* agus fíonta oráiste sa tsonraíocht táirge, mar gheall ar an modh táirgthe, a bheith ina chúis le méadú ar aigéadacht luaineach gan laghdú ar an gcáilíocht.

19. CUIREADH NA hUASTEORAINNEACHA MAIDIR LE DÉ-OCSAÍD SULFAIR IOMLÁN I gCRÍCH

Tuairisc

Sonraíodh an uasteorainn dé-ocsaíde sulfair le haghaidh fíonta *rancio* i gcatagóir 1, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.11 den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

chun an teorainn sin a shonrú le haghaidh na gcineálacha fíonta sin.

20. ATHRÚ AR SHEASAMH NA ROINNE AR THÉARMAÍ AGUS/NÓ AR THÁSCA

Tuairisc

Bogadh an roinn 'Téarmaí agus/nó tásca' ó phointe 2 go pointe 8. 2. Cur i láthair agus lipéadú na dtáirgí.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2 den tsonraíocht táirge agus do phointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Ní mór an t-ábhar sin a bheith sa chuid den tsonraíocht táirge a bhaineann le lipéadú.

21. ATHRUITHE AR CHLEACHTAIS SAOTHRAITHE

Tuairisc

Scriosadh na teorainneacha ar dhlús plandaithe agus an teorainn ar bhachlóg in aghaidh an heicteáir, agus feabhsaíodh an fhoclaíocht maidir le huisciú a údarú. Agus athraíodh neart alcóil nádúrtha de réir toirte na bhfíonchaor ó bheith cothrom le nó níos mó ná 10 % de réir toirte, go dtí an méid seo a leanas, roinnte de réir datha: 11,5 % de réir toirte i gcás fíonchaora atá beartaithe chun fíon dearg a tháirgeadh; 10,5 % de réir toirte i gcás fíonchaora atá beartaithe chun fíon geal agus fíon *rosé* a tháirgeadh; agus 9,5 % de réir toirte nuair atá na fíonchaora beartaithe chun fíonta leathshúilíneacha nó fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Leasaíodh pointí 3.1 agus 3.2 den tsonraíocht táirge agus pointe 5 den doiciméad aonair dá réir.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Níl sé iomchuí uasmhéid nó íosmhéid a fhorchur ar fhíniúnacha in aghaidh an heicteáir i bhfianaise fírinne an scéil sa réigiúin, ina bhfuil limistéir atá níos táirgiúla, fíonghoirt óga agus limistéir nach bhfuil chomh torthúil céanna ina bhfuil fíonghoirt leis na céadta blianta.

Is beag ciall atá le líon na mbachlóg a theorannú toisc go mbraitheann cainníocht na mbachlóg ar an gcineál, a d'fhéadfadh a bheith níos táirgiúla nó nach bhfuil chomh táirgiúil céanna, ar an limistéar, ar an úsáid atá beartaithe do na fíonchaora, ar an bhfíon atá le táirgeadh agus ar an gcineál prúnála a úsáidtear.

Níl cleachtas an uiscithe coitianta inár réigiún. Leasaíodh an mhír chun a lua gurb é an saothróir fíniúna atá freagrach as obair sna fíonghoirt agus nach mór dóibh an cuspóir a chomhlíonadh maidir le fíonchaora ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Tá neart alcóil de réir toirte léirithe againn i gcás gach ceann de na príomhchatagóirí fíona, a bhfuil méadú leathchéime i gceist i gcás fíonta geala, fíonta *rosé*, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, agus céim amháin i gcás fíonta dearga, agus mar sin tá an neart íosta á chur in oiriúint d'fhíorchineál an táirge ós rud é go gciallaíonn an t-athrú aeráide nach mbuaintear na fíonchaora faoi bhun an leibhéil nirt sin chun aibíocht i dtéarmaí siúcraí agus aibíocht fheanólach freisin a fháil.

22. ATHRUITHE AR CHLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA

Tuairisc

Scriosadh an abairt seo a leanas: 'Ní mór cleachtais thraidisiúnta a leanúint nuair atá úrfhíon á tháirgeadh, agus úsáid á baint as teicneolaíocht atá dírithe ar cháilíocht na bhfíonta a bharrfheabhsú'.

Méadaíodh an táirgeacht eastósctha ó 70 go 74 lítear d'úrfhíon nó d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora a bhuantar, ag sonrú go n-áirítear a moirt.

Leasaíodh pointe 3,3 den tsonraíocht táirge agus pointe 5 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Tá an frása scriosta iomarcach toisc go bhfuil an teicneolaíocht iomchuí ag fíonlanna anois chun úrfhíonta ar ardchaighdeán a fháil.

Tagraíonn eastóscadh úrfhíona do phróiseas táirgthe le haghaidh fíonta geala ina ndéantar eastóscadh roimh choipeadh. Agus tagairt á déanamh d'eastóscadh fíona, cuirtear san áireamh go dtarlaíonn an próiseas eastósctha tar éis coipthe. Á thabhairt ar aird go n-úsáideann na saoráidí chun fíon ar ardchaighdeán a tháirgeadh innealra atá ag éirí níos sofaisticiúla agus níos ceannródaíche de réir a chéile, tá feabhas tagtha ar an bpróiseas eastósctha, rud a fhágann go bhfuil tionchar níos oiriúnaí aige ar sheilfré an táirge agus ar cháilíocht an táirge, fiú agus brú níos mó á úsáid.

23. FEABHAS AR AN bhFOCLAÍOCHT MAIDIR LE TÁIRGEACHT IN AGHAIDH AN HEICTEÁIR

Tuairisc

Sonraíodh táirgeadh in hl/ha le haghaidh fíon críochnaithe. Cuireadh dhá ionad dheachúlacha leis na luachanna comhfhreagracha.

Baineann an leasú le pointe 5 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Feabhsaíodh cruinneas an téacs.

24. ATHRUITHE AR CHINEÁLACHA

Tuairisc

Maidir leis na cineálacha geala a mholtar: cuireadh an comhchiallach Carignan Blanc le Cariñena Blanca; athraíodh Lledoner Blanc, mar chomhchiallach ar Garnacha Blanca, go dtí a fhoirm cheart, is é sin Lladoner Blanco; áiríodh Garnacha Roja sna cineálacha dearga a mholtar.

Maidir leis na cineálacha geala údaraithe: Cuireadh a ainm ceart, 'Moscatel de grano menudo' in ionad 'Moscatel de grano pequeño';

Cuireadh comhchiallach eile le Samsó nó Cariñena faoi na cineálacha dearga a mholtar: Mazuela; Cuireadh Lladoner isteach mar chomhchiallach ar Garnacha Tinta; Cuireadh Cariñena Gris isteach mar chineál nua.

Maidir leis na cineálacha dearga údaraithe: Cuireadh Tempranillo isteach mar chomhchiallach ar Ull de Llebre; agus Lledoner Pelut mar chomhchiallach ar Garnacha Peluda.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

Feabhsaíodh mionsonraí ainmneacha na gcineálacha.

25. FOCLAÍOCHT FHEABHSAITHE AN NAISC

Tuairisc

Feabhsaíodh foclaíocht an naisc.

Leasaíodh pointe 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 8 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis. Go háirithe, ní bhaineann sé le haon athrú ar an nasc, níl i gceist leis ach feabhas a chur ar a fhoclaíocht.

Cúis:

Glacadh an deis seo chun feabhas a chur ar an téacs.

26. TÉARMAÍ AGUS/NÓ TÁSCA

Tuairisc

Chomh maith leis an roinn sin de théarmaí agus tásca a bhogadh ó phointe 2 go pointe 8 den tsonraíocht táirge, mar a luadh cheana, rinneadh athruithe éagsúla ar an bhfoclaíocht.

Leasaíodh pointe 8 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis. Go háirithe, ní bhaineann sé le haon athrú ar an nasc, níl i gceist leis ach feabhas a chur ar a fhoclaíocht.

Cúis:

— maidir le fíonta ‘joven’ (‘úr’), cuireadh an ceanglas ‘ní mór na fíonta a bhuidéalú le linn na bliana inar buanadh an fhíonchaor’ in ionad an cheanglais ‘ní mór na fíonta a bhuidéalú le linn na bliana inar buanadh an fhíonchaor agus/nó ón 20 Nollaig den bhliain inar buanadh an fíonchaor, mar a comhaontaíodh’ chun aon mhearbhall a sheachaint maidir leis an tuiscint go bhfuil buidéalú teoranta do thréimhse le linn na bliana buainte, ós rud é go bhféadfaí an bhrí a bhaint as an bhfoclaíocht roimhe seo go gceadaítear buidéalú ón 20 Nollaig, gan aon sprioc-am i gceist.

— i gcás ‘vino de guarda’ (‘fíon ag a bhfuil cáilíochtaí martha’), tugadh isteach an oibleagáid go mbeadh toilleadh nach mó ná 330 lítear ag bairillí darach. I bhfocail eile, sonraíodh toilleadh na mbairillí.

— i gcás fíonta ‘crianza’, ‘reserva’ agus ‘gran reserva’, cuireadh an téacs in oiriúint do na coinníollacha a leagadh síos cheana i rialacháin lena rialaítear na téarmaí traidisiúnta sin, i ngach gné, lena n-áirítear amanna agus toilleadh na mbairillí.

— i gcás ‘reserva’, cuireadh an méid seo a leanas isteach: i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní mór fad an phróisis sin ó thráth an *tirage* go dtí an dímhoirtiú a bheith níos lú ná 15 mhí chun úsáid an léirithe sin a cheadú i gcás na bhfíonta sin.

— chun fíon licéir Garnacha de Empordà a aosú, baineadh an ceanglas maidir le coimeádáin a bheith déanta as dair, toisc cé gurb iad is coitianta a úsáidtear go traidisiúnta, ní hiad an t-aon chineál coimeádáin a fhéadfar a úsáid. Tugadh isteach freisin an ceanglas nach mó ná 330 lítear toilleadh an choimeádáin.

— i gcás fíonta *rancio*, nuair a dhéantar tagairt don tréimhse aosaithe, ní mór an t-am a ríomh mar mheán a chomhpháirteanna uile.

— i gcás na dtéarmaí ‘barrica’ (‘bairille’) agus ‘roble’ (‘dair’), méadaíodh toilleadh uasta an choimeádáin ó 330 go 600 lítear, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta. Níl aon údar le bheith níos sriantaí.

— i gcás fíonta licéir Garnacha de Empordà agus Moscatel de Empordà, tá an teorainn siúcra i gcás fíon atá le hainmniú agus úsáid á baint as an téarma 'vino dulce natural' ('fíon milis nádúrtha') méadaithe ó 270 go 252 g/l. Tá sé beartaithe an t-athrú a bheith ina oiriúnú do na modhanna níos traidisiúnta a úsáidtear sa limistéar táirgeachta.

— Scriosadh an frása 'Déanfar fíonta agus fíonta licéir a ainmniú trí úsáid a bhaint as an téarma "rancio" nuair a thiocfaidh an blas "rancio" chun cinn iontu acu mar gheall ar dhálaí ar leith a n-aosaithe' toisc nach bhfuil gá leis ós rud é gur tugadh tuairisc fhoirfe ar na cineálacha fíona sin cheana féin.

— i gcás fíon licéir Garnacha de Empordà, tá na téarmaí 'ambar' agus 'rubí' roghnach toisc go bhfuil cáil ar an táirge as na téarmaí sin ag brath ar na cineálacha a úsáidtear chun é a tháirgeadh.

— cuireadh an téarma 'rancio dulce' isteach i gcás fíonta *rancio* ina bhfuil tiúchan siúcra níos mó ná 45 g/l.

— i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní mór ainm an ATFC a bheith le feiceáil ar an dúntán. Ós rud é gur miontáirge é, is mian le táirgeoirí fíona shúilínigh iad féin idirdhealú a dhéanamh idir an dúntán agus dúntáin eile trí ainm an ainmniúcháin tionscnaimh a léiriú.

— rinneadh na téarmaí sainordaitheacha a dheighilt ó na téarmaí roghnacha ar mhaithe le soiléiriú níos fearr.

— bhaineamar an gceanglas gur cheart, má chuirtear níos mó ná trí chineál san áireamh, tagairt a dhéanamh dóibh lasmuigh den réimse amhairc le haghaidh faisnéis shainordaitheach. Téann sé sin níos faide ná na ceanglais reachtacha agus níl údar leis.

— cuireadh 'embotellado en la propiedad' ('buidéalaithe ar an eastát') in ionad na rialacha maidir le hainm an saothróra fíniúna nó an eastáit a lua. Cuireadh an tagairt sin isteach chun na táirgeoirí sin a chomhlíonann na ceanglais a idirdhealú.

— tugadh isteach an moladh maidir leis an téarma Lladoner, Lladoner Blanco agus Lledoner Pelut a úsáid ar lipéad na bhfíonta uile ina bhfuil sé, ós rud é gur comhchiallaigh áitiúla iad sin.

— cuireadh na téarmaí traidisiúnta 'rancio' agus 'vino dulce natural' isteach. Ba bhotún é gur fágadh ar lár iad, ar botún é atá ceartaithe anois.

27. ATHRUITHE A BHAINEANN LE CIGIREACHT

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála an chomhlachta tharmligthe cothrom le dáta. Cuireadh 'envejecimiento' in ionad an téarma 'crianza' chun tagairt a dhéanamh don chéim sin i dtáirgeadh fíona. Scriosadh an tosaíocht gur de chuid Instituto Catalán de la Viña y del Vino an tsaotharlann a dhéanann anailís ar na fíonta.

Baineann an leasú le pointe 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha i gceist leis.

Cúis:

chun sonraí teagmhála an deimhnitheora a thabhairt cothrom le dáta.

Tá an téarma 'envejecimiento' ('aosú') níos cruinne toisc gur féidir 'crianza' a mheascadh suas leis an téarma traidisiúnta.

Ní mór a bheith in ann saotharlann ar bith a roghnú ar bhonn cháilíocht na seirbhíse agus na gcostas, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnú is gá ag an tsaotharlann.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Empordà

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon
3. Fíon licéir
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach
16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal, agus fíon geal coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid agus fíon oráiste.*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon geal:

Cuma: cuma ghléigeal, ton buí éadrom a bhféadfadh fordhathanna scothghlasa a bheith iontu. Sa chás go dtáirgtear as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha dearga iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna rósacha agus/nó scothliath uaireanta. Nuair a dhéantar gan suilfítí (≤ 10 mg/l iomlán SO_2) iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna órga uaireanta. Dea-bholadh: dea-bholadh fíorghlan, ina mbíonn dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha de dhéine mhaith. Blas: blas láidir, glan, úr ina mbíonn cothromaíocht mhaith aigéadachta.

Fíon geal coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin bhuí. Má tháirgtear as Garnacha Roja agus/nó as cineálacha dubha iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna rósacha agus/nó scothliath uaireanta. Nuair a dhéantar gan suilfítí (≤ 10 mg/l iomlán SO_2) iad, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna órga uaireanta. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, torthaíoch agus/nó bláthach, a mbíonn dea-bholaithe orthu ar de thoradh an aosaithe i mbuidéil iad. Blas: blas láidir, glan, cothrom go maith lena mbaineann iarbhlas fada.

Fíon oráiste:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin idir buí dian agus ómra oráiste. Dea-bholadh: dea-bholadh glan lena mbaineann dea-bholaithe torthaíocha agus/nó flóra, d'fhéadfadh bolaithe plandúla nó luibheacha a bheith orthu. Blas: blas fíorghlan, glan, ina mbíonn cothromaíocht mhaith aigéadachta, d'fhéadfadh blasanna beagán searbh agus/nó tainneach a bheith orthu.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 200 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 250 milleagram in aghaidh an lítir i gcás ina bhfuil sé 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Fíon *rosé* agus fíon *rosé* coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Rosé:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin idir bándearg éadrom agus caordhearg. Is féidir dathanna corcairghorma diana agus dath craicinn oinniúin a bheith orthu freisin. Nuair a tháirgtear iad gan suilfítí (≤ 10 mg/l SO_2 iomlán), d'fhéadfadh fordhathanna oráiste níos déine teacht orthu. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, ina mbíonn dea-bholaithe bláthacha agus/nó torthaíocha. Blas: blas fíorghlan, glan, úr agus ina mbíonn cothromaíocht mhaith aigéadachta.

Fíon *rosé,* coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid:

Cuma: cuma ghléigeal, toin idir bándearg éadrom agus caordhearg, rud a fhágann gur féidir dathanna corcairghorma diana a bheith orthu agus gur féidir ton níos oráiste teacht orthu gan na toin dhearga a chailleadh. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, torthaíoch agus/nó bláthach, a mbíonn dea-bholaithe orthu ar de thoradh an aosaithe i mbuidéil iad. Blas: blas fíorghlan, glan, cothrom go maith lena mbaineann iarbhlas fada.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 200 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 250 milleagram in aghaidh an lítir i gcás gurb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíon dearg agus fíon dearg coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid.*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dearg:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin dhearga agus nó toin a bhíonn idir vialaitdearg agus corcra dian. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, torthaíoch agus lena mbaineann déine mhaith. Blas: blas fíorghlan, glan agus cothrom.

Fíon dearg coipthe agus/nó aosaithe go hiomlán nó go páirteach i gcoimeádáin adhmaid:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin dhearga agus/nó vialaitdearga nó b'fhéidir fordhathanna *terracotta.* Dea-bholadh: dea-bholadh glan, dian, ar a mbíonn bolaithe torthaíocha agus dea-bholaithe de thoradh an aosaithe i gcoimeádáin adhmaid. Blas: blas fíorghlan, glan, ar a mbíonn dea-struchtúr, a bhíonn cothrom agus lena mbaineann iarbhlas fada, blasta, tainneach agus dian.

* I gcás fíonta dearga aosaithe, féadfar an luach sin 0,80 g/l (13,33 mEq/l) a shárú faoi 0,06 g/l i gcás gach céime os cionn 12 agus i gcás gach bliana aosaithe, suas le huasmhéid 1,10 g/l (18,33 mEq/l).

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 150 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás gurb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. Fíon *rancio* de Chatagóir 1

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: toin idir buí agus mahagaine, de dhéine éagsúil ag brath ar an leibhéal aosaithe. Dea-bholadh: bolaithe ocsaídiúcháin agus dea-bholaithe meala agus/nó spíosraí agus/nó torthaí rósta. Blas: blas cumhachtach, casta, milis nach mór, ag brath ar an méid siúcra.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 150 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás gurb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 35

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. Fíon geal leathshúilíneach, fíon *rosé* leathshúilíneach agus fíon dearg leathshúilíneach

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: cuma ghléigeal, ina scaoiltear bolgáin bheaga go réidh, bíonn dath buí éadrom orthu lena mbaineann imireacha scothghlasa i gcás fíonta geala; bándearg i gcás an *rosé*, agus dearg nó vialaitdearg i gcás fíonta dearga. Nuair a tháirgtear fíonta geala leathshúilíneacha le Garnacha Roja agus/nó le cineálacha dearga, d'fhéadfadh dath buí níos déine a bheith orthu, agus fordhathanna rosacha agus/nó scothliath uaireanta. Dea-bholadh: dea-bholadh torthaíoch agus/nó bláthach, glan, láidir agus lena mbaineann déine mhaith. Blas: blas láidir, glan, úr, cothrom, ina mbíonn bolgáin sheasta chomhsheasmhacha.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 200 mg/l i gcás fíonta geala agus *rosé*, agus 150 mg/l i gcás fíonta dearga má tá an méid siúcra < 5 g/l, 250 mg/l i gcás fíonta geala agus *rosé*, agus 200 mg/l i gcás fíonta dearga i gcás gur 5 g/l ar a laghad an méid siúcra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: cuma ghléigeal, ina scaoiltear bolgáin bheaga go seasta agus go leanúnach, bíonn dath buí éadrom orthu ina mbíonn toin idir scothghlas agus buí dian agus bándearg i gcás na bhfíonta súilíneacha *rosé*. Nuair a tháirgtear fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ag úsáid Garnacha Roja agus/nó cineálacha dearga, d'fhéadfadh buí níos déine a bheith orthu, lena mbaineann fordhathanna rosacha agus/nó scothliath uaireanta. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, torthaíoch agus/nó bláthach, lena mbaineann déine mhaith agus a mbíonn dea-bholaithe orthu ar de thoradh an aosaithe i mbuidéil iad. Blas: blas láidir, glan, cothrom ina mbíonn bolgáin sheasta chomhsheasmhacha.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

7. *Fíon licéir (Mistela Blanca del Empordà, Mistela Negra del Empordà, Garnacha del Empordà, Moscatel del Empordà, Vino dulce del Empordà agus Vino Rancio del Empordà)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Vino Mistela Blanca del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, toin idir buí éadrom agus ómra. Dea-bholadh: dea-bholadh glan lena mbaineann déine mhaith, dea-bholaithe bláthacha agus/nó torthaíocha agus/nó cnónna. Blas: blas fíorghlan, glan, milis agus cothrom.

Vino Mistela Negra del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin dhearga agus nó toin vialaitdearga lena mbaineann déine mhaith. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, lena mbaineann déine mhaith agus torthaíoch. Blas: blas fíorghlan, glan, milis agus cothrom.

Vino Garnacha del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, ar a mbíonn toin ómra de dhéine níos mó nó níos lú ag brath ar an leibhéal aosaithe agus ar cé acu a thagann nó nach dtagann sé as cineálacha geala. D'fhéadfadh toin idir dath an rúibín agus mahagaine, nó toin *terracotta* a bheith air má tháirgtear as cineálacha dubha é. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, dian, ar a mbíonn dea-bholaithe torthaí aibí agus/nó rísínithe agus dea-bholaithe de thoradh an aosaithe. Blas: blas fíorghlan, glan, milis, casta, cothrom agus marthanach.

Vino Moscatel del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, toin idir buí éadrom a bhféadfadh fordhathanna idir fordhathanna scothghlasa agus fordhathanna ómra a bheith iontu. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, ard-déine agus dea-bholaithe a bhaineann go sonrach leis an gcineál. Blas: blas fíorghlan, glan, milis, mín, dian agus blas marthanach, a chomhfhreagraíonn don chineál as ar táirgeadh é.

Vino Dulce del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, ar dhath a bhíonn comhsheasmhach leis na cineálacha fíniúna as ar táirgeadh é, dath idir bán órga agus mahagaine scothdhearg. Dea-bholadh: dea-bholadh glan, ar a mbíonn dea-bholaithe de thorthaí aibí agus/nó rísínithe. Blas: blas fíorghlan, glan, milis, cothrom agus marthanach.

Vino Rancio del Empordà:

Cuma: cuma ghléigeal, toin idir buí agus mahagaine, de dhéine éagsúil ag brath ar an leibhéal aosaithe. Dea-bholadh: bolaithe ocsaídiúcháin agus dea-bholaithe meala agus/nó spíosraí agus/nó torthaí rósta. Blas: blas cumhachtach, casta, milis nach mór, ag brath ar an méid siúcra.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 150 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás ina bhfuil sé 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 35

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. *Fíon ó fhíonchaora ró-aibí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: toin idir buí agus ómra. Dea-bholadh: ard-déine aramatach, a chuireann torthaí agus cnónna aibí agus/nó díhiodráitithe i gcuimhne. Blas: blas fíorghlan, glan, milis, thar a bheith téagartha agus casta lena mbaineann iarbhlas fada.

* Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair: 150 milleagram in aghaidh an lítir má tá an méid siúcra níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir agus 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás gurb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra.

* I gcás nár sonraíodh teorainneacha, beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 35

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Úsáidfear fíonchaora sláintiúla ag a bhfuil an leibhéal aibíochta is gá chun fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte nach lú ná 11,5 % a fháil le haghaidh fíonchaora atá beartaithe chun fíon dearg a tháirgeadh, 10,5 % de réir toirte le haghaidh fíonchaora atá beartaithe chun fíon geal agus *rosé* a tháirgeadh, agus 9,5 % de réir toirte nuair atá na fíonchaora beartaithe chun fíonta leathshúilíneacha nó fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Úsáidtear brú iomchuí chun an t-úrfhíon nó an fíon a eastóscadh agus é a dheighilt ó na craicne fíonchaor, lena n-áirithítear nach dtáirgtear níos mó ná 74 lítear úrfhíona nó fíona ag a bhfuil moirt ó gach 100 kg d'fhíonchaora a bhuantar.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíniúna gile

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

88,8 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíniúna deirge

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Alt Empordà:

Agullana, Avinyonet del Puigventós, Biure, Boadella agus na Escaules, Cabanes, Cadaqués, Cantallops, Capmany, Cistella, Colera, Darnius, Espolla, Figueres, Garriguella, La Jonquera, Llançà, Llers, Masarac, Mollet de Peralada, Palau-saverdera, Pau, Pedret i Marzà, Peralada, Pont de Molins, Portbou, Port de la Selva, Rabós, Roses, Sant Climent Sescebes, Selva de Mar, Terrades, Vilafant, Vilajuïga, Vilamaniscle, Vilanant.

Baix Empordà:

Begur, Bellcaire d'Empordà, Calonge, Castell-Platja d'Aro, Corçà, Cruïlles, Monells agus Sant, Sadurní de l'Heura, Forallac, La Bisbal d'Empordà, Mont-ras, Palafrugell, Palamós, Palau-sator, Pals, Regencós, Sant Feliu de Guíxols, Santa Cristina d'Aro, Torrent, Torroella de Montgrí, Ullà, Vall-llobrega.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc

Cabernet Sauvignon

Cariñena Blanca — Carignan Blanc

Cariñena Gris

Chardonnay

Garnacha Blanca – Lladoner Blanco

Garnacha Peluda – Lledoner Pelut

Garnacha Roja – Garnacha Gris

Garnacha Tinta – Lladoner

Gewürztraminer

Macebo – Viura

Malvasia Aromática – Malvasía Sitges

Mazuela – Cariñena

Mazuela – Samsó

Merlot

Monastrell

Moscatel de Alejandría

Mocastel de Grano Menudo

Picapoll Blanco

Sauvignon Blanc

Syrah

Tempranillo – Ull de Llebre

Xarello

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Táirgtear fíonta socra ar an talamh cothrom sin, ar bunfhíonta iad le haghaidh fíonta súilíneacha nó leathshúilíneacha ar ardchaighdeán, atá níos éadroime. Táirgtear fíonta geala, fíonta *rosé* agus fíonta dearga úra den scoth lena mbaineann aigéadacht agus cothromaíocht mhaith. Bíonn siad torthaíoch agus úr. D'fhoghlaim na táirgeoirí sa limistéar, ar saineolaithe iad ar shaintréithe gach cineáil talún, chun na fíonta a tháirgtear as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe ar chineálacha éagsúla ithreach a chomhlánú. Shaibhrigh na fíonta sin gastranamaíocht an limistéir toisc go dtéann siad go foirfe le bia na Meánmhara.

8.2. *Fíonta licéir agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí*

Saintréith de chuid na bhfíonta licéir is ea a raon. Riamh anall, aithníodh fíonta Garnacha agus Moscatel del Empordà ar fud na críche. Táirgtear iad as cineálacha áitiúla, atá oiriúnaithe go foirfe don talamh agus don aeráid. Is iad fíonta Garnacha de Empordà na fíonta is ionadaíche, ós rud é go ndéantar tagairt dóibh i ndoiciméid a théann siar go dtí ré na meánaoise. Déantar iad as fíonchaora a fhaightear ó sheanfhíniúnacha ag a mbíonn táirgeacht íseal, agus fágtar ar an bhfíniúin iad go dtí go mbíonn siad ró-aibí. Aosaítear an fíon de ghnáth trí úsáid a bhaint as an gcóras *solera*.

8.3. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Is in ithir bhocht éadrom a fhásann an chuid is mó de na fíniúnacha, ithir a mbaineann draenáil mhaith léi agus atá aigéadach nó neodrach ó thaobh cineáil de. Is as carraig gharbh dríodair, as comhcheirtleáin agus as gaineamhchloch a thagann an ithir. Is as carraigeacha a théann siar go deireadh na tréimhse Treasaí (Neoigineach) a thagann an ithir, ach sa chás seo tá sí comhdhéanta d'ábhar mórghráin: comhcheirtleáin agus gaineamhchloch, a bhfuil leibhéil mhíne tríothu.

Tagann siad ó lár imchuach Empordà, ina bhfuil tír-raon réidh agus leibhéil athraithe in áiteanna. Táirgtear fíonta socra ar an talamh cothrom sin, ar bunfhíonta iad le haghaidh fíonta súilíneacha nó leathshúilíneacha ar ardchaighdeán, atá níos éadroime.

8.4. *Fíon leathshúilíneach*

Is as carraig mórghráin dríodair, as comhcheirtleáin agus as gaineamhchloch a thagann na hithreacha. D'fhoghlaim táirgeoirí sa limistéar, ar saineolaithe iad ar shaintréithe gach cineáil talún, chun na fíonta a tháirgtear as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe ar chineálacha éagsúla ithreach a thabhairt le chéile. Shaibhrigh na fíonta sin gastranamaíocht an limistéir ós rud é go dtéann siad go foirfe le bia na Meánmhara. Má théimid siar go dtí na 1970í, bhí an-mheas riamh ag na turasóirí a thugann cuairt ar ár dtailte ar na fíonta leathshúilíneacha a tháirgtear sa limistéar sin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní fhéadfar fíonta a ainmnítear mar 'vino nuevo' ('fíon úr') a chur ar an margadh ach amháin le tásc bhliain na buainte ar an lipéad, agus ní mór iad a bhuidéalú roimh an 31 Eanáir den bhliain inar buanadh na fíonchaora. Féadfar iad a sheoladh ón dáta comhaontaithe i mí na Samhna.

— Ní fhéadfar fíonta atá ainmnithe mar 'vino joven' a chur ar an margadh ach amháin le tásc bhliain na buainte ar an lipéad. Ní mór iad a bhuidéalú le linn na bliana inar buanadh na fíonchaora.

— Féadfar an téarma 'vino de guarda' a úsáid le haghaidh fíonta a ndéantar a n-aosú thar íostréimhse 12 mhí i mbairillí darach. Ní mór toilleadh nach mó ná 330 lítear a bheith i mbairillí darach.

— Chun an téarma 'reserva' a thaispeáint le haghaidh fíonta súilíneacha, ní mór nach lú ná 15 mhí an tréimhse ama ó *tirage* go dímhoirtiú.

— Ní mór aosú an fhíona licéir Garnacha de Empordà a dhéanamh i dtimpeallacht ocsaídiúcháin, i gcoimeádáin de thoilleadh difriúil, agus féadfar na téarmaí seo a leanas a úsáid ag brath ar fhad an aosaithe:

  — Chun an téarma ‘crianza’ a úsáid, tá tréimhse aosaithe 3 bliana i gceist, lena ngabhann tréimhse 1 bhliain ar a laghad i gcoimeádáin adhmaid darach nach mó ná 330 lítear a dtoilleadh.

  — Chun an téarma ‘reserva’ a úsáid, tá tréimhse aosaithe 5 bliana i gceist, lena ngabhann tréimhse 4 bliana ar a laghad i gcoimeádáin adhmaid darach nach mó ná 330 lítear a dtoilleadh.

  — Chun an téarma ‘crianza’ a úsáid, tá tréimhse aosaithe 8 mbliana i gceist, lena ngabhann tréimhse 6 bhliain ar a laghad i gcoimeádáin adhmaid darach nach mó ná 330 lítear a dtoilleadh.

  — Chun an téarma ‘reserva’ a úsáid, ní mór an tréimhse aosaithe a bheith níos faide ná 10 mbliana i gcoimeádáin adhmaid darach nach mó ná 330 lítear a dtoilleadh.

— i gcás fíonta *rancio*, nuair a dhéantar tagairt don tréimhse aosaithe, ní mór an t-am a ríomh mar mheán a chomhpháirteanna uile.

— Féadfar an nath ‘coipthe i mbairillí’ a úsáid ar choinníoll go ndearnadh an fíon a choipeadh i gcoimeádáin adhmaid ag a bhfuil toilleadh 600 lítear ar a mhéad.

— Is féidir an tásc ‘bairille’ a úsáid nuair a áirítear san fhaisnéis maidir leis an bhfíon atá i gceist tagairt don tréimhse ama i míonna agus/nó i mblianta inar coinníodh é i gcoimeádáin adhmaid, nach mó ná 600 lítear a dtoilleadh ar a mhéad.

— Is féidir an tásc ‘dair’ a úsáid nuair a áirítear san fhaisnéis ar an bhfíon atá i gceist tagairt don tréimhse ama i míonna nó i mblianta inar coimeádadh é i gcoimeádáin adhmaid darach, nach mó ná 600 lítear a dtoilleadh ar a mhéad.

— Féadfar fíonta licéir Garnacha de Empordà agus Moscatel de Empordà a thuairisciú mar fhíonta nádúrtha milse má thagann siad ó úrfhíonta ina bhfuil méid ard siúcra níos mó ná 252 g/l.

— Féadfar tuairisc a thabhairt ar fhíon licéir Garnacha de Empordà agus úsáid á baint as an téarma ‘ámbar’ nuair a táirgeadh é as an gcineál fíniúna Garnacha Blanca agus/nó Garnacha Roja, agus féadfar tuairisc a thabhairt air mar ‘Rubí’ nuair a tháirgtear é as an gcineál Garnacha Tinta.

— Féadfar an téarma ‘rancio dulce’ a úsáid i gcás ina bhfuil tiúchan siúcra níos mó ná 45 g/l ag an bhfíon *rancio*.

— Níor cheart airde na gcarachtar a úsáidtear chun ‘Empordà’ a léiriú a bheith níos mó ná 4 mm, agus leath de sin i gcás ‘Denominación de Origen’.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na fíonta a phacáistiú nó a bhuidéalú laistigh den limistéar geografach sainithe, i saoráidí a iontráiltear i gClár Buidéalaithe agus Pacálaithe an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, chun rialú inrianaitheachta agus caomhnú cáilíochta a áirithiú trí iompar neamhriachtanach a sheachaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/DOP_Emporda_Pliego_Condiciones_2022.pdf